FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

TUAIRIM

Aiséirí na filíochta Gaeilge in Ultaibh

Nach bhfuil go leor tacaíochta don fhilíocht sa tuaisceart? Tá gá le speictream leathan den fhilíocht agus d'fhilí a chothú.

An speictream atá ann inniu, níl sé chomh leathan agus a bhíodh agus tá meánaois na bhfilí scáfar ard. Pinsinéirí cuid mhór againn cheana.

Ní leor an laoch amháin ar eagla go dtiontaíonn an faisean nó eile ina éadan.

Ní mhairfidh an Ghaeilge sa tuaisceart mura ndéantar cothú ar chumadh agus léamh na filíochta, an ealaín chruthaitheach is lárnaí agus is láidre i saol agus i dtraidisiún na Gaeilge seachas b'fhéidir an ceol.

Triúr de na filí Béarla is mó sa chúige, Ciarán Carson, Paul Muldoon, Frank Ormsby agus b'fhéidir duine nó beirt eile mar Séamus Deane, bhí an tráth ann go raibh ar a gcumas tabhairt faoi dhán Gaeilge a scríobh.

Rinne beirt acu ar a laghad an méid sin nuair a bhíodar óg. Níor leanadar ar aghaidh. Is boichtede sinn nach ndearna. Tuige nach ndearna? Tuige a ndéanfadh?

Mar a tugadh le fios i ndráma mór Friel, *Translations*, ní féidir a chreidbheáil gur leis an todhchaí an Ghaeilge, agus bíonn gach file ag súil go mairfidh a ghlaoch, nach n-éagann a theanga mar a dúirt an Cadhnach, sula n-éagann sé féin.

Is dócha gur fiú tagairt a dhéanamh do mo thaithí féin mar fhile Ultach leis an scéal a léiriú. Thosaigh mé a scríobh i lár na seascaidí agus tá mé ag scríobh ó shin.

Cuma cá bhfuilim i mo chónaí, gar do Bhéal Feirste, i Raghnallach Átha Cliath nó i nGort an Choirce, cuma cá bhfuilim ag obair, mar státseirbhíseach sa phríomh-chathair, mar léachtóir le Gaeilge in Ollscoil na Ríona nó sa scríbhneoireacht chruthaitheach ar an Fhál Charrach nó i bPort Láirge, leanaim orm ag scríobh dánta Gaeilge.

Barraíocht, gach seans. Ocht gcnuasach bunfhilíochta Gaeilge, *Rogha Dánta*, dhá dhíolaim ar Filíocht Uladh, *Filíocht Uladh 1960-1985*, ach ar *Fearann Pinn* an ceann is tábhachtaí dar liom, cnuasach bundánta Béarla, agus an obair thaca, cnuasach gearrscéalta, beathaisnéis, leabhar d'aistriucháin ar mo dhánta go Béarla, aistriucháin eile go Gaeilge ó Gheilge na hAlban.

Measarthacht d'obair chritice agus de cholúin éagsúla ar na hirisí agus na nuachtáin gan bailiú. Gach seans nár scríobh duine ar bith eile oiread sa Ghaeilge faoi na trioblóidí agus a rinneas féin agus is dócha gur chuidigh sé liom go raibh mé beagán i leataobh uathu.

Seachas Brian Ó Maoileoin, níor lean file Galltachta ar bith eile lenár linn loighic na hathbheochana agus iarracht a dhéanamh a shaol a athchruthú sa Ghaeltacht. Cosúil le Brian Ó Maoileoin, níor éirigh go hiomlán liom.

Thart fán am a raibh gach duine ag ceilúradh na mílaoise, chuir mé féin trí leabhar úra amach. An t-ochtú cnuasach de dhánta Gaeilge, *An Fhuinneog Thuaidh*, rogha as an ocht gcnuasach sin, *Rogha Dánta 1965-2001* agus díolaim mhór d'fhilíocht na Gaeilge san fhichiú aois, *Fearann Pinn 1900-1999*.

Ansin, shocraigh mé go raibh mé ag iarraidh rud a dhéanamh nach ndearna mé riamh roimhe sin, díriú isteach ar dhánta Béarla a scríobh. Bhí go leor déanta agam, mheas mé, i bhfearann pinn na Gaeilge.

Bhí próiseas na síochána faoi lán seoil agus níor theastaigh cibé cuidiú a bhí ar mo chumas ó Ghaeil Uladh, a raibh dul chun cinn measartha maith ar siúl acu de réir gach cosúlachta.

Bhí an t-am ann rud éigin nua a thriail, tiontú ón uiscedhath go dtí an t-aicrileach, ón mharmar go dtí an cré-umha. Ó Ghaeilge go Béarla.

Ar scor ar bith, bhí m'aigne ag dul ón nithiúil, ón choincréideach, go dtí an teibí, an fealsúnta agus ar chaoi éigin mheas mé gur cheart dom meán úr a thriail don ábhar úr, go raibh an Béarla níos fóirsteanaí do threo úr mo smaointe.

Idirnáisiúnta seachas áitiúil. Fealsúnta seachas nithiúil. D'fhoilsigh Doghouse, Trá Lí, mo chéad chnuasach Béarla, *New Room Windows* agus ó shin tá roinnt dánta úra eile agam ar na hirisí, sa dá theanga.

Taca an ama chéanna, d'éirigh mé gafa isteach i rud eile, oiliúint ábhar filí.

Ghlaoigh Theo Dorgan, stiúrthóir *Poetry Ireland/ Éigse Éireann* orm. Bhí a bhean ina chuideachta. Bhí dornán mac léinn a raibh MA i scríobh na filíochta Theach na hÉigse ar an Fhál Charrach ar siúl acu faoi choimirce Ollscoil Lancaster fágtha gan teagascóirí. Ar mhiste liom dul á dteagasc?

Thosaigh mé a theagasc scríobh na filíochta i dTeach na hÉigse. Ba trí Bhéarla an teagasc sin, ba ag iniúchadh múnlaí agus ag déanamh anailíse ar shamplaí Béarla a bhí mé leis na mic léinn, agus – seachas duine amháin – ba i mBéarla a bhí a gcuid saothair, a gcuid dréachta, agus mise ag iarraidh comhairle a chur orthu, feabhas a chur orthu.

D'fhág sin go raibh cathú orm féin tiontú i dtreo an Bhéarla do mo shaothar féin. Ní raibh aon rud mo mhealladh i dtreo na Gaeilge – a mhalairt, tuigeadh dom go raibh mo sháith déanta, agus bhí sé chomh maith agam an léim a ghearradh agus feiceáil cén glacadh a bheadh le saothar Béarla.

Is maith an corpus litríochta a chumadh, ach ansin tá ceist an fhoilsithe, an scaipthe. Le tamall de bhlianta cuirtear corrleabhar Gaeilge amach ag Lagan Press Bhéal Feirste, ach is beag.

Bhíos ag brath riamh ar fhoilsitheoir i mBaile Átha Cliath le mo chuid Gaeilge a chur amach agus a dhíol agus tá mé an-bhuíoch do Phádraig Ó Snodaigh agus dá chomhlacht Coiscéim as an dua sin a chur orthu féin.

Is é mo thaithí féin, agus taithí daoine eile mura bhfuil dul amú orm go mbíonn flaithiúlacht éigin ó am go chéile ag baint le Foras na Gaeilge agus leis an Chomhairle Ealaíon agus leis an Oireachtas sa deisceart taobh le forais agus institiúidí an tuaiscirt.

Bíonn obair mheastóireachta agus mholtóireachta agus chomhairleoireachta le fáil níos minice sa deisceart ná sa tuaisceart.

Bíonn corp féin an fhile le cothú chomh maith leis an chorpus. Admhaím gur beag duine a bhfuil a theacht isteach ag brath go hiomlán ar scríobh na Gaeilge ach is maith teacht isteach éigin mar chúiteamh ar an dua, agus is mó deiseanna atá ann sa deisceart ná sa tuaisceart.

Teastaíonn ócáidí sóisialta agus oiliúna agus dúshláin uainn – cosúil leis an cheann seo – chun muid a ghríosadh.

An cothú ba mhó dá bhfuair mé féin riamh, an t-am a thug orm cinneadh a ghlacadh luí isteach ar an fhilíocht chomh gairmiúil agus a d'fhéadfainn, níorbh airgead ná aitheantas poiblí é, ach mí de thréimhse chónaitheach in Ionad Tyrone Guthrie Eanach Mhic Dheirg a bhronn an státseirbhís orm.

Ceird ró-uaigneach is ea an fhilíocht a scríobh. Bhíodh, agus seans go bhfuil go fóill, an scríbhneoireacht chruthaitheach mar chuid d'obair na céime sa Ghaeilge sna hollscoileanna ó thuaidh, ach is gá an saghas comhordaithe a dhéanamh a chinntíonn cíoradh, plé, athdhréachtadh agus foilsiú agus ansin léirmheastóireacht.

Is cuimhin liom an t-iontas a chuir an iris Ghaeilge *Raithneach* orm, iris a chuir mic léinn Ollscoil Uladh amach i bhfad ó shin, agus caighdeán ard den scríbhneoireacht chruthaitheach inti.

Ní heol dom go bhfuil an Seamus Heaney Centre in Ollscoil na Ríona sásta nó cáilithe ardchéimeanna sa chumadóireacht Ghaeilge a mhúineadh. Tá Teach na hÉigse an Fháil Carraigh ar an imirce i bPort Láirge.

Is léir ó líon na mac léinn ar na hinstitiúidí sin, agus ón rath atá ar an teagasc iarchéime i gColáiste na Tríonóide, go bhfuil éileamh mór ann do chúrsaí dá leithéid. Tá, agus éileamh dá leithéid sa Ghaeilge fosta.

Bhuel déanadh dream éigin eile é. Tá na mic léinn ag athrú le fiche bliain agus breis, agus spéis ag cuid mhaith díobh in úsáid chruthaitheach na Gaeilge, súil ag cuid acu ar obair a fháil sna meáin, sna healaíona, san aistriúchán. Is féidir bheith ag súil le hardú ar chaighdeáin léirmheastóireachta ar irisí agus ar nuachtáin ach cur chuige.

Bhí an biseach sin sa léirmheastóireacht ar a bhfuil mé ag caint le feiceáil ar an nuachtán *Lá*.

Bíodh cáil agus seasamh filí ag brath ar fheabhas an téacs agus ar bhreithiúnas oilte seachas ar rud ar bith eile. Bíodh a gcuid teagascóirí oilte cáilithe chuige.

Tá corrdhuine ag saothrú na filíochta sa chúige ar bhonn gairmiúil go fiú mura bhfuil siad lánaimseartha. Philip Cummings, Gearóid Mac Lochlainn, Pól Ó Muirí agus an Searcach agus mé féin ar bhealach.

Is rud é seo atá measartha úr – tá, is dócha, ag tarraingt ar dhá chéad bliain ann ó bhí file ar bith beo ar a cheird i gCúige Uladh.

Is dócha gurb é seo an fhianaise is mó a bhréagnaíonn an Ríseach. Ach níl aon dóigh aitheanta ann le maireachtáil ar an pheann.

Bíonn obair bhreise ag gach duine, teagasc nó scríbhneoireacht nó eagarthóireacht nó leabhar-lannaíocht nó eile.

Cuid eile dínn, bíonn cearta acu faoi na hachtanna leasa shóisialaigh faoi mar a bhíonn ag aisteoirí agus ealaíontóirí eile.

Tá cnuas Aosdána ann don té ar a mbronntar é. Is trua go bhfuil tamall de bhlianta ann ó ceapadh scríbhneoir cónaitheach sna hollscoileanna, post a rinne leas na mac léinn agus na filíochta, agus bímis ag súil go socrófar ceapachán eile gan mhoill.

Rinne an scéim seo maith in Ollscoil na Ríona agus in Ollscoil Uladh agus is trua gur thit sé i léig. B'fhiú a athbhunú, agus a chur ar siúl ar dhóigh eile fosta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaoth Dobhair.

Samuel Beckett, file dátheangach, a thuig dualgas an fhile, "Is féidir liom dul ar aghaidh, is gá dom dul ar aghaidh, téim ar aghaidh".

Agus, den chuid is mó, ní chúbann na daoine a bhfuil mianach na filíochta iontu roimh an dualgas sin.

Ach i gCúige Uladh, iad sin a bhfuil saothrú na filíochta Gaeilge mar aidhm acu, is beag uilig tacaíochta a fhaigheann siad.

Ní bhíonn bua na filíochta sa duine ó nádúr. Bíonn féith ann ar gá a chothú, a oiliúint, a shaothrú go leanúnach misniúil agus ag an deireadh, seans go mbeidh bua ann.

Próiséas atá ann, bóthar fada clochach. Thug mé faoi deara sa réamhrá do *Filíocht Uladh* gur beag Ultach a chuaigh ar aghaidh tar éis an chéad chnuasach nó an dara cnuasach.

Ábhar imní teirce na foilsitheoireachta ag cuid de na filí. Is fíor sin go fóill, agus níos measa arís is dóigh liom go bhfuil líon na n-ábhar filí atá ag iarraidh teacht isteach i gcóip na héigse, i gceird na filíochta, is dóigh liom go bhfuil a líon sin ag dul i laghad ó chuir mé an díolaim amach fiche bliain ó shin.

Ainneoin go dtarlaíonn sé corruair, is deacair a mhaíomh go bhfuil bua an fhile tugtha chun iomláine le dhá bhailiúchán bheaga thanaí. Ach ar a laghad is tús é.

Ach chun go rachaidh an file ar aghaidh, ag forbairt a chuid scileanna, ag déanamh dul chun cinn ina cheird, á bhunú féin in aos dána na héigse, ag tóraíocht na fírinne go neamheaglach, teastaíonn córas, teastaíonn tacaí.

Le daoine úra a mhealladh isteach sa cheird, le filí úra a spreagadh agus a oiliúint, teastaíonn córas, teastaíonn tacaí.

Dá dhonacht an scéal taobh ó dheas den teorainn, is measa arís, dar liom, sa tuaisceart, áit a bhfuil easpa tacaíochta nó go fiú easpa tuisceana ann roimh an ábhar file.

Leagan ciorraithe de chaint a thug Gréagóir Ó Dúill ag Éigse Cholm Cille i mbliana